Focal íd' Chluais.

A word in your ear. Deireadh Fómhair '11.

CSP
Meitheal Mhúscraí

Leideanna do aimsir fhuar

● Fan istigh sa tigh i rith aimsir chrua más féidir. Chaith éadaí te chun tú fhéin a choimeád te. Moltar sraitheanna éadaí a chaitheamh seachas sraith amháin nó dhá shraith d'éadaí troma agus tá lámhainní agus scaifeanna riachtanach.

● Ith bia cothaitheach i rith an gheimhridh. Ól deochanna te go minic. Usáid fleasc chun deochanna a choiméad te. Tugann bia fuinneamh (duit).

● Má tá blaincéad leictreach agat, múch é sara dtéann tú isteach sa leaba. Ná líon an buidéal te le huisce beirithe riamh agus cuir clúdach air i gcónaí. Ná úsáid buidéal te le blaincéad leictreach riamh.

● Cóiméad soláthar réasúnta de bhreosla soladach sa teach.

● Bí gníomhach. Cabhraíonn siúlóid timpeall an tí fiú amháin.

● Chuir éadaí te ort fhéin má tá tú ag dul amach.

● Coimeád an teocht idir 18 - 21°C (64 to 70°F) sa tigh. Téigh an seomra suite i rith an lae agus an seomra chodladh roimh dul a chodladh muna féidir leat an teach go léir a choimeád te.

● Tá cosáin agus bóithre oighreata ana dhainséarach. Bí cúramach má théann tú amach agus chaith buataisí nó bróga le greim maith orthu. Bíonn péire stocaí churtha taobh amuigh de bhróga ana éifeachtúil.

● Chun baol sleamhnú a ísliú chuir grean no salann churtha ar an gcosán agus ar an gcabhsán.
Tá sé deacair oighear dubh a fheiscint ar chosáin agus ar bhóithre, agus is féidir le sneachta dlúite athrú go oighear sleamhain.

● Éist le haon chomhairle ós na seirbhísí éigeandála. **Foinse: www.muintirnatire.ie & www.wellandwarm.ie**

Aerfort Chorcaí

D'aontaigh Rialtas na hÉireann, i bprionsabal, aerfort a thógáil do chathair Chorcaí i 1957. Thugadar amharc ar a lán áiteanna ach sa deireadh phiocadar Baile Garbháin mar shuíomh. Bhí fáilte roimh tairiscintí chun an t-aerfort a thógáil i 1959 ag costas timpeall £1 milliúin phunt. D'oscail an t-aerfort go hoifigiúil ar an 16ú lá de mhí Dheireadh Fómhair 1961, tar éis do Aer Lingus agus Cambrian Airways eitiltí a sholáthair ceithre lá roimhe sin ag (atá faoi bhrat British Airways anois.) Ba é Vincent Fanning an chéad bhainisteoir ar an aerfort. Sa chéad bhliain bain 10,172 daoine úsáid as an aerfort – ní mór idir an figiúr seo agus an líon daoine a úsáid an aerfort gach lá i 2007. Bhí leathnú mór déanta i rith na seascaidí le teacht eitleáin níos fearr agus níos mó ceann scríbe.
I 1969 bhí Aer Lingus ag eitilt go dtí Heathrow i Londain, Manchain agus Briostó. Osclaíodh hallaí imeachta agus teachta nua, roinn seiceáil isteach agus oifigí nua, deasc eolais nua agus tolglann feidhmeannach nua go hoifigiúil i 1978. Tar éis borradh mór i 1985, dhein Aer Rianta suirbhé ar shaoráide (áiseanna) an aerstáisiúin le plean chun clár leathnú agus forbairt a chuir i bhfeidhm. Ar an 8ú lá de mhí an Mheithimh bhí tús le seirbhísí Ryanair in Aerfort Chorcaí. Bhí an chéad pháirt den chlár leathnú agus forbairt críochnaithe i 1988. Bhí síneadh an rúidbhealaigh, 1,000 troighe (300m), oscailte an bhliain dar gcionn. Bhí an dara páirt den chlár críochnaithe i 1991 agus bhí an tríú páirt críochnaithe i 1992.
Bhí an clár leathnú agus forbairt críochnaithe i 1994. I 2001 bhí pleananna dréachtaithe do aerstáisiún nua a thógáil. D'oscail an aeratáisiún nua ar an 15ú lá de mhí Lúnasa 2006. Bliain stairiúil é 2008 do Aerfort Chorcaí nuair a chuaigh 3.25 milliúin paisinéirí tríd an aerfort, an méid paisinéirí is mó riamh. Tá cúlú eacnamaíochta domhanda tar éis damáiste a dhéanamh don tionscadal eitlíochta ach baineadh 2.5 milliúin paisinéirí úsáid as an aerfort an bhliain seo, ag eitilt do dtí breis is seasca ceann scríbe. Is é Londain an ceann scribe is coitianta.

Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Tús mí na Samhna. Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 nó 086 3679761.
Suathaireacht: Le coinne, Teil 087 6759121.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
Le coinne, dáta le socrú, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, le coinne. Dáta le socrú.
Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Cártaí ag tosnú Deardaoin 13ú D. Fómhair ag 9in.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Lón ar fáil gach Luan, Céadaoin & Déardaoin ag 1in**.**
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 40999 nó 45559.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 45661 nó 45811
Suathaireacht: Do choinne glaoigh ar 087 6759121.
Cosliacht: Rita Sheehy, **26ú lá** de mí D Fómhair.
Scoraíocht: 27ú lá de mí D. Fómhair ó 8in – 10in.
Tá tuilleadh eolas le fáil ó 026 45559 nó 40999.

Freagraí ón mí seo caite

Cleas Inchinne: Úsáid an duine a cheap na clúdaigh dúnphoill cinn ciorclach mar is é an ciorcal an t-aon chruth nach dtiteadh tríd a chruth féin. Dá bharr seo ní thiteann aon chlúdach dúnphoill tríd an bpoll trí thimpiste. **Dúcheist Tapaidh:** Thug an t-éan trí cloichíní gorma, ceithre cloichíní dearga, dhá cloichíní dubha agus cloichín bán amháin ar ais go dtí an nead.

Cleas Inchinne: Cad í an mór-roinn is lú ar domhan?

Scoraíocht an Déardaoin

Beidh an scoraíocht ar siúl ar an 20ú
Deireadh Fómhair san Ionad Áise i Réidh na nDoirí.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.

Dúcheist Tapaidh

Tá Fred in ann 1000 brící a chur síos i dtrí uair an chloig . Tá Séamas in ann 1000 brící a chur síos i dhá uair an chloig agus tá Caoimhín in ann 1000 brící a chur síos i sé uair an chloig. Cé mhéid ama a thógfaidh sé ar Fred, Séamas agus Caoimhín, ag obair lena chéile, 1000 brící a chur síos? (Fred can lay 1000 bricks in three hours, Jimmy can lay 1000 bricks in two hours and Kevin can lay 1000 bricks in six hours. How long will them to lay 1000 bricks if they all work together?)

Piscíní

Tá dhá piscín i gceantar Chill na Martra ag faire amach do bhaile maith. Breis eolais: 087 7670678

Tiománaí Bus á Lorg

Tá post páirt-aimsire ar an CSP do Tiománaí Bus le ceadúnas D1. Tá tuilleadh eolas ó 026 45661.

Coirm Ceoil

Beidh Coirm Ceoil le ceoltóirí aitiúla in Arás Cumann Peile Béal Átha'n Ghaorthaidh ar an 21ú lá de mí Deireadh Fómhair ag 8in. Osclóidh an doras ag 7.30in. Costas isteach €10 agus beidh na fáltais ag dul chuig Chlub Naomh Fionbarra agus Naomh Ronán.
Fáilte roimh Cách.

Líne Chabhrach HSE 'Open your Eyes'

Má tá tú féin nó daoine go bhfuil aithne agat orthu ag fulaingt de bharr drochíde seanóirí, cuir in iúil do dhuine éigin é cosúil leis an Dochtúir Teaghlaigh, an Altra Sláinte Poiblí, Oibrí Sóisialta ón HSE nó na Gardaí Síochána. Tá na glaonna go léir faoi rún agus déileáiltear leo go híogaireacht. An uimhir don líne chabhrach ná **1850 24 1850,** Luan go Satharn ó 8rn go dtí 8in.

Curiarrachtaí Domhanda Guinness

Puimcín a snoí chomh tapaidh agus is féidir.
Dhein Stephen Clarke ó Mheiriceá, puimcín a snoí in 24.03 soicind i Stiúideo Universal, Florida.

Breac le Cnónna agus Torthaí

Comhábhair: 225g / 8 unsa plúr éiritheach,
375g / 13 unsa meascán torthaí triomaithe (sabhdánaigh, rísíní, silíní, scamh),
300ml / ½ pionta tae fhuar, 125g / 4 unsa siúcra donn, gráinnín spíosra measctha, 125g / 4 unsa meascán cnónna mhionghearrtha, ubh bhuailte.
Modh: Cuir na torthaí agus an tae i mbabhla agus lig dóibh suí thar oíche. Cuir an siúcra, cnónna, ubh, plúr agus an spíosra measctha leis agus déan é a mheascadh go maith. Déan an t-oigheann a théamh roimh ré go dtí 170°C/325°F/Marc Gáis 3. Déan an breac a bhácáil ar feadh beagán níos lú ná uair a'chloig. Beidh a fhios agat go bhfuil sé réidh nuair a ardaíonn an breac agus nuair atá sé daingean. Lig dó fuarú ar tráidire sreinge. Nuair atá an breac fuar clúdaigh é le páipéar gréischdhíonach agus cóiméad é ar feadh dhá lá roimh é a ghearradh.
Foinse: www.odlums.ie

Ná Céad Mhálaí Tae

Bhí na céad mhálaí tae déanta as málaí síoda muislín lámh-fuaite. Bhí paitinn den sórt seo ann chomh luath le 1903. Ba é Thomas Sullivan ó Nua Eabhrach a thosnaigh ag díol málaí tae ar fud an domhain timpeall 1904. Cheap na custaiméirí go raibh sé níos easca an tae a ullmhú ins na málaí in ionad an tae a thógaint amach astu. Sa lá ata inniu ann déantar na málaí tae as snáithín páipéir. Ceapadh na málaí tae dronuilleogach i 1944. Bhíodar cosúil le málaí beaga roimhe sin.